# Filleadh ar an gCathair

le hAilbhe Ní Ghearbhuigh




hAilbhe Ní Ghearbhuigh

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Filleadh ar an gCathair



**le hAilbhe Ní Ghearbhuigh**

Anocht
ag filleadh dom,
blaisim allas na cathrach faram.

Deas liom a taiseacht.

Preabann an Aimsir Láithreach
gan aire ó gach balla
i mbrothall an tráthnóna.

Admhaím go músclaíonn
gás sceite
sceitimíní ionam.

Is fíor nach gcítear
luí na gréine
i bhfairsing' spéire:



Cacann an oíche
idir foirgnimh arda
gan rabhadh.


Ach lasann soilse neon
cúinní coimhthíocha mo chroí.

Faoiseamh a gheobhadsa
ar mo ghrianán gealaí,
mo chluas le hamhrán tráchta.


# Filleadh ar an gCathair

**Buncheisteanna**

- Ar thaitin an dán leat? Cén fáth?
- Cén íomhá ba mhó a thaitin leat? Mínigh.
- An dóigh leat go bhfuil teachtaireacht spéisiúil sa dán? Cad í?
- An gceapann tú go bhfuil an dán nua-aimseartha? Cén chaoi?
- Roghnaigh meafar amháin ón dán a thaitin leat. Cén fáth ar thaitin sé leat? Mínigh.
- Cén saghas duine í an file, an gceapann tú? Tabhair dhá chúis don fhreagra atá agat.
- Cén fáth a ndeirtear gur dán cathrach é an dán?
- An féidir leat scéal an dáin a insint?



# Filleadh ar an gCathair



**Príomhphointí an Dáin:**

- Luann an file 'cúinní coimhthíocha mo/chroí' atá lán le solas agus í sa chathair. Mothaíonn an file ar a suaimhneas ann, go bhfuil saol beo le blaiseadh aici sa chathair agus go bhfuil an óige faoi bhláth i measc phobal na cathrach.

- Déanann an file tagairt ag deireadh an dáin don dán cáiliúil 'Faoiseamh a gheobhadsa' le Máirtín Ó Direáin a phléann an saol álainn tuaithe a chuireann faoiseamh air agus é sa chathair. Is a mhalairt a mhothaíonn an file. Cuireann sí a cluas le 'hamhrán tráchta' agus mothaíonn sí níos suaimhní agus níos sona dá bharr.' Tá codarsanacht á déanamh anseo go soiléir ag an bhfile idir a heispéaras de shaol na cathrach agus eispéireas an Direánaigh a bhraith go raibh sé ina 'chime mar chách' sa chathair. Mothaíonn an file sa dán seo go bhfuil sí iomlán saor lena rogha rud a dhéanamh.

